2025/411

6.3.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/411 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Márta 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann leis an tSeoirsia a chur leis an liosta tíortha sna gealltanais ón ráthóir maidir le hearraí faoi bhealach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1), pointe (b) agus Airteagal 100(1), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis chinntí Uimh. 2/2024 agus Uimh. 1/2024 ó Chomhchoistí AE-Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais (TCI) maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú ([2]) faoi seach, a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar an tSeoirsia aontú don Choinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach ([3]), agus don Choinbhinsiún maidir le Foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a Shimpliú ([4]).

(2) Is gá Iarscríbhinní 32-01, 32-02 agus 32-03 agus Cuid II, Caibidlí VI agus VII d'Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([5]) a ailíniú leis an gCoinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach chun aontú na Seoirsia don Choinbhinsiún sin a chur san áireamh, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 3/2024 ó Chomhchoistí AE-TCI ([6]). Chun an stoc atá ann d'fhoirmeacha gealltanais ráthóra a úsáid áfach, na foirmeacha samplacha a leagtar síos in Iarscríbhinní 32-01, 32-02 agus 32-03 agus atá bailí an lá roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith leis na foirmeacha sin go dtí an 30 Meitheamh 2026, faoi réir na n-oiriúnuithe geografacha a cheanglaítear i bpointe 1 de na hIarscríbhinní sin agus lua an ainm agus an tseolta le haghaidh seirbheála den ghníomhaire údaraithe sa tSeoirsia a cheanglaítear i bpointe 4 de na hIarscríbhinní sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir sin.

(4) Ós rud é gur aontaigh an tSeoirsia don Choinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach agus don Choinbhinsiún maidir le Foirmiúlachtaí i leith Trádáil Earraí a Shimpliú an 1 Feabhra 2025, ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an Rialachán Cur Chun Feidhme ón dáta sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Cinneadh Uimh. 2/2024 ón gComhchoiste AE-Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 21 Deireadh Fómhair 2024 a mhéid a bhaineann le hiarraidh ar an tSeoirsia aontú don Choinbhinsiún sin [2025/197] (IO L, 2025/197, 30.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/197/oj) agus Cinneadh Uimh. 1/2024 ón gComhchoiste AE-CTC an 18 Deireadh Fómhair 2024 a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Fhoscríbhinní I agus IIIa a ghabhann le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach [2025/137] (IO L, 2025/137, 30.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/137/oj).

([3]) Cinneadh Uimh. 87/415/CEE ón gComhairle an 15 Meitheamh 1987 maidir le Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích idir an Comhphobal Eorpach, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach (IO L 226, 13.8.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/415/oj).

([4]) Coinbhinsiún idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú (IO L 134, 22.5.1987, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1987/267/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

([6]) Cinneadh Uimh. 3/2024 ón gComhchoiste AE-CTC an 5 Samhain 2024 a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Fhoscríbhinní III agus IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a ghlacadh maidir le haontachas na Seoirsia [2025/174] (IO L, 2025/174, 27.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/174/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) i gCuid I (Gealltanas ón ráthóir), pointe 1, d'Iarscríbhinn 32-01, cuirtear na focail 'an tSeoirsia' isteach roimh an téacs 'Poblacht na hÍoslainne';

(2) i gCuid I (Gealltanas ón ráthóir), pointe 1, d'Iarscríbhinn 32-02, cuirtear na focail 'an tSeoirsia' isteach roimh an téacs 'Poblacht na hÍoslainne';

(3) i gCuid I (Gealltanas ón ráthóir), pointe 1, d'Iarscríbhinn 32-03, cuirtear na focail 'an tSeoirsia' isteach roimh an téacs 'Poblacht na hÍoslainne';

(4) i gCuid II, Caibidil VI (Deimhniú ráthaíochta cuimsitheach) (TC 31 Deimhniú ráthaíochta cuimsitheach) (Tosach), pointe 7, d'Iarscríbhinn 72-04, cuirtear na focail 'an tSeoirsia' isteach roimh na focail 'an Íoslainn';

(5) i gCuid II, Caibidil VII (Deimhniú tarscaoilte ráthaíochta) (TC 33 Deimhniú tarscaoilte ráthaíochta) (Tosach), pointe 6, d'Iarscríbhinn 72-04, cuirtear na focail 'an tSeoirsia' isteach roimh na focail 'an Íoslainn'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2025.

Na foirmeacha a bhunaítear ar na foirmeacha samplacha in Iarscríbhinn 32-01, Iarscríbhinn 32-02, Iarscríbhinn 32-03 agus Cuid II, Caibidil VI agus Caibidil VII d'Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, sa leagan is infheidhme an lá sula dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm, féadfar leanúint dá n-úsáid, faoi réir na n-oiriúnuithe geografacha is gá agus lua an ainm agus an tseolta le haghaidh seirbheála den ghníomhaire údaraithe, go dtí an 30 Meitheamh 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN